Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10891 — BUNGE / SC FRICH ENVOL / SC ONE / BZ GROUP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 80/10)

1. An 24 Feabhra 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Koninklijke Bunge B.V ("Bunge", Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— SC Frich'Envol (an Fhrainc),

— SC One (an Fhrainc),

— BZ SAS agus SCI de Maison Bleue (le chéile "BZ Group", an Fhrainc), faoi chomhrialú SC Frich'Envol agus SC One faoi láthair.

Gheobhaidh Bunge, SC Frich'Envol agus SC One rialú comhpháirteach ar BZ Group ina iomláine de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta dhomhanda talmhaíochta agus bia é Bunge atá gníomhach i gceannach, stóráil, iompar, próiseáil agus díol tráchtearraí talmhaíochta agus táirgí tráchtearraí, go háirithe olashíolta agus gráinní. Déanann Bunge olashíolta a phróiseáil ina n-olaí plandúla agus min phróitéine le haghaidh thionscal an bhia, thionscal na beatha ainmhithe agus thionscal an bhithdhíosail. Táirgeann Bunge táirgí muilleála, siúcra agus bithfhuinneamh freisin.

— Coinníonn SC Frich'Envol agus SC One scaireanna BZ SAS agus SCI de Maison Bleue agus ní dhéanann siad aon ghníomhaíocht iad féin.

— Is grúpa Francach é BZ Group atá gníomhach i mbunú, ceannach, stóráil agus díol gráinní, olashíolta agus barra próitéine, chomh maith le seirbhísí críochfoirt le haghaidh táirgí den sórt sin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10891 — BUNGE / SC FRICH ENVOL / SC ONE / BZ GROUP

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË